Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2023
(OR. en)

15118/23
ADD 1

RECH 488
COH 78
COMPET 1081

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14647/23 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 7-8 Nollaig 2023*<br>Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú<br>- Formheas<br>= Ráiteas ón Ungáir |

**Ráiteas ón Ungáir i dtaca le Conclúidí ón gComhairle maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú**

Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith le gealltanais agus prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, déanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú mar thagairt do 'gnéas' sna Conclúidí ón gComhairle maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú.

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca le 'Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025', dá dtagraítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú, gur cheart an teachtaireacht sin a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.